# Tuismitheoirí

## TORTHAÍ FOGHLAMA

- Rannpháirtíocht maidir le teanga ó bhéal agus aird agus éisteacht.
- rannpháirtíocht sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile.
- Inspreagadh agus rogha.
- Stór focal ó bhéal a shealbhú agus a úsáid i dteanga an bhaile agus i nGaeilge má tá teanga eile á labhairt sa bhaile.
- Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach.
- Fónaic agus aithint focal.
- Foclóir ó bhéal agus i dtreo na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.
- Teanga a úsáid le haghaidh iarratas agus ceisteanna.
- Teanga a úsáid le haghaidh catagóiriú, athinsint agus mionléiriú.
- Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach agus le heolas, míniú agus údar a thabhairt.

## Feasacht Fhóineolaíoch

Tá béim ar an fheasacht fhóineolaíoch sna luathbhlianta ar scoil. Baineann feasacht fhóineolaíocht le **forbairt teanga, rím, siollaí** agus **fuaimeanna i bhfocail**. Is réamhriachtanais iad na scileanna seo le bheith ag léamh agus ag scríobh. Tá forbairt na teanga agus na litearthachta ríthábhachtach ag páistí sa saol foghlama. Labhair le do pháiste go minic le tacú leis/léi san fhoghlaim. Léigh agus cleacht dánta i nGaeilge, i mBéarla nó/agus i do rogha teanga. Is féidir na rainn atá á bhfoghlaim acu ar scoil a chleachtadh sa bhaile agus leabhair ina bhfuil rím a léamh. Is é an coincheap a bhaineann le rím atá tábhachtach agus is féidir sin a dhéanamh i nGaeilge, i mBéarla nó i do rogha teanga. Dírigh aird ar rithim agus ar shiollaí agus tú ag léamh le do pháiste agus imir cluichí le do pháiste. Ní gá ceacht foirmiúil a dhéanamh i gcónaí. Is féidir tacú le do pháiste agus sibh ag na siopaí, ag siúl, ag déanamh rudaí eile. Déan cinnte de go mbaineann tú féin agus do pháiste sult as na gníomhaíochtaí seo. Bain triail as na samplaí seo mar thús;

- Cén ceann nach ndéanann rím? **méar/béar/cat.**
- Cén focal a dhéanann rím le…?
- Cuntas na siollaí i bhfocail - **úll (x1), plu-ma (x2), ba-na-na (x3).**
- Túsfhuaimeanna **- Itheann Dónall Damhán Alla… duilleoga, dathanna agus rudaí donna.**

Tá fianaise ann a léiríonn go n-éiríonn níos fearr le páistí san oideachas má tá tacaíocht ann sa bhaile.

# Tuismitheoirí

## Labhairt agus Éisteacht

Tá forbairt na teanga agus na litearthachta ríthábhachtach do pháistí agus iad ag foghlaim. Úsáidtear teanga sa chumarsáid, le mothúcháin a phlé, le heolas a fháil agus le smaointe a thuiscint agus a fhorbairt. Téann páiste ar scoil agus eolas éigin acu ar theanga ón bhaile, idir labhartha agus scríofa. Is túsphointe na foghlama iad na scileanna seo.



Déan comhrá go minic le do pháiste le foclóir agus taithí ar theanga a leathnú. Is cuma cén teanga ina dtarlaíonn sé seo, cuirfidh gach taithí ar theanga le forbairt na litearthachta. Má tá foclóir leathan ag páiste sa chaint, beidh foclóir leathan aige/aici don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht. Ná bí buartha mura labhraíonn do pháiste i nGaeilge ón tús mura bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga aige/aici. Tá céimeanna sa phróiseas foghlama maidir le sealbhú teanga i suíomh tumoideachais. Ag an tús, labhraíonn an páiste a c(h)éad teanga nuair a labhraíonn an múinteoir sa sprioctheanga. Ansin, tosaíonn an páiste ag úsáid na sprioctheanga i rainn, amhráin agus frásaí atá de ghlanmheabhair agus ansin, de réir a chéile, tosóidh sé/sí ag úsáid na sprioctheanga ar bhonn níos leithne. Is próiseas fada é seo ag brath ar an bpáiste agus ag brath ar an tacaíocht agus an taithí teanga sa scoil agus sa bhaile.

## An Ghaeilge

Go minic, is i nGaeilge amháin a labhraítear leis na páistí i suíomh Gaelscoile nó i suíomh scoil Ghaeltachta, is cuma cén teanga baile atá ag an bpáiste. Bíonn an páiste tumtha go hiomlán i sprioctheanga na scoile. Moltar do thuismitheoirí freastal ar ranganna nó clár foghlama a leanúint le tacú leis an bpáiste sa bhaile mura bhfuil siad féin muiníneach leis an nGaeilge. Tá fianaise ann a léiríonn go n-éiríonn níos fearr le páistí san oideachas má tá tacaíocht ann sa bhaile. Is fiú labhairt leis an múinteoir ranga maidir le moltaí a fháil ar dhóigheanna le tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile. Aimsigh leabhair, cláir theilifíse, cláir ríomhaire, cumainn, srl. i nGaeilge leis an taithí ar an nGaeilge a leathnú taobh amuigh den scoil.

# Tuismitheoirí

## An Ghaeilge agus an Béarla

Ní gá go mbeadh Gaeilge sa bhaile ag páiste le forbairt sa phróiseas seo. Tá béim ar an gcoincheap agus ar na scileanna litearthachta. Is féidir tacú le forbairt na litearthachta i nGaeilge nó i mBéarla agus rachaidh sé sin go mór chun sochair fhorbairt na teanga go ginearálta. Bíonn na scileanna céanna litearthachta le forbairt ag páistí i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta i nGaeilge agus i mBéarla. Go minic, tarlaíonn trasnú agus má fhorbaítear scil i dteanga amháin bíonn sé forbartha sa dá theanga.

Léigh leabhair le do pháiste a oiread agus is féidir i do rogha teanga. Tá scileanna i gceist sa léitheoireacht a thrasnaíonn gach teanga.

## Ag Léamh le do Pháiste

Bíonn leabhair léitheoireachta ón scoil ag páistí le léamh sa bhaile agus is féidir le tuismitheoirí tacú leis na scileanna léitheoireachta leis na leabhair seo. Beidh treoir ann ón scoil ar an dóigh chuí le tabhairt faoi seo agus beidh moltaí ar leith ag na múinteoirí. Bíonn focail radhairc ann a fheiceann do pháiste go minic. Ba chóir a mholadh go léifear na focail seo go líofa. Ansin, úsáidtear meascán de straitéisí le focail eile a léamh, pictiúrleid, leid sa téacs nó sa chomhréir, frása atá ar eolas ó bhéal, ciall na habairte nó túsfhuaim nó fuaim dheireanach a aithint, siollaí a léamh nó fuaimeanna an fhocail a dheighilt. Cuidigh le do pháiste na straitéisí seo a thriail. Stop go minic sa léitheoireacht leis an gciall a phlé. Imir cluichí focal le do pháiste, beidh moltaí ag an múinteoir. Léigh leabhair eile le do pháiste a oiread agus is féidir i do rogha teanga. Tá scileanna i gceist sa léitheoireacht a thrasnaíonn gach teanga. Léigh scéalta, leabhair eolais, dánta, treoracha, cláir ama, irisleabhair, srl. Bain úsáid as na straitéisí céanna atá molta ag an scoil leis na scileanna sin a chleachtadh agus a dhaingniú. Léirigh go dtaitníonn an léitheoireacht leat.

## Ag Scríobh le do Pháiste

Cuidigh le do pháiste scríobh a oiread agus is féidir; cártaí, nótaí, liostaí siopadóireachta srl. Ná bí buartha mura bhfuil siad soiléir nó cruinn, is í an iarracht an rud is tábhachtaí. Agus tú féin ag scríobh, abair amach fuaimeanna na bhfocal agus do pháiste ag éisteacht leat. Léirigh go dtaitníonn an scríbhneoireacht leat.

## Tuismitheoirí

### Ag Tacú le do Pháiste

Moltar scileanna agus straitéisí a thabhairt do pháistí lena ndéanamh neamhspleách san fhoghlaim. Foghlaimímid ar fad ar bhealaí éagsúla. Cuidigh le do pháiste a b(h)ealach féin a aimsiú chun cuimhneamh ar eolas. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimeoidh páistí trí fhiosrúchán. Mol do pháiste nuair a dhéanann sé/sí iarrachtaí. Cuidigh le do pháiste gaol agus naisc a fheiceáil idir rudaí atá sé/sí ag foghlaim. Bain sult as bheith ag tacú le do pháiste.

### Ag Léamh le do Pháiste sa Bhaile (Tuismitheoir le Gaeilge)

### Ag Léamh le do Pháiste sa Bhaile (Tuismitheoir gan Gaeilge)




### References

A Guide to the Irish Education System: *An Roinn Oideachais agus Scileanna*. (2014) http://www.education.ie/en/Parents/Information/A-Guide-to-the-Irish-Education-System.pdf

Parental Involvement and Literacy Achievement, The research evidence and the way forward: Dr. Robin Close. (2001). National Literacy Trust

The Impact of Parental Involvement on Children's Education. Department for Children, Schools and Families. (2013) http://webarchive.nationalarchives.gov.uk/20130401151715/http://www.education.gov.uk/publications/eOrderingDownload/DCSF-Parental_Involvement.pdf




Jacqueline de Brún, An tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire